C/2025/6223

2.12.2025

P10_TA(2025)0110

Coibhéis a dheonú don Mholdóiv agus don Úcráin le haghaidh cigireachtaí allamuigh agus táirgeadh síl

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Bealtaine 2025 ar an togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coibhéis cigireachtaí allamuigh a dhéantar i bPoblacht na Moldóive ar bharra táirgthe síl plandaí farae agus ar choibhéis síl plandaí farae a tháirgtear i bPoblacht na Moldóive, agus a mhéid a bhaineann le coibhéis cigireachtaí allamuigh a dhéantar san Úcráin ar bharra táirgthe síl biatais agus barra táirgthe síl plandaí ola agus ar choibhéis síl biatais agus síl plandaí ola a tháirgtear san Úcráin (COM(2024)0052 – C9-0026/2024 – 2024/0027(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(C/2025/6223)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2024)0052),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0026/2024),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 20 Márta 2024 ([1]),

— ag féachaint don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 30 Aibreán 2025 go ndéanfaí seasamh na Parlaiminte a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (A10-0043/2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

([1]) IO C, C/2024/3386, 31.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3386/oj.

P10_TC1-COD(2024)0027

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 22 Bealtaine 2025 chun go nglacfaí Cinneadh (AE) 2025/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coibhéis cigireachtaí allamuigh a dhéantar i bPoblacht na Moldóive ar bharra táirgthe síl plandaí farae agus ar choibhéis síl plandaí farae a tháirgtear i bPoblacht na Moldóive, agus a mhéid a bhaineann le coibhéis cigireachtaí allamuigh a dhéantar san Úcráin ar bharra táirgthe síl biatais agus barra táirgthe síl plandaí ola agus ar choibhéis síl biatais agus síl plandaí ola a tháirgtear san Úcráin

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Cinneadh (AE) 2025/1228.)